Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2023
(OR. en)

15187/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0902(APP)**

AG 136
PE 138
INST 434
FREMP 316

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9333/22 (EP proposal), 14904/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin ('an Dlí Toghcháin Eorpach')<br>– Díospóireacht bheartais |

1. An 3 Bealtaine 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa dréacht-togra reachtach le haghaidh dlí toghcháin[1] nua bunaithe ar Airteagal 223 CFAE.

2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Samhain 2022, phléigh an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta príomhghnéithe an togra, go háirithe na forálacha a bhaineann leis an toghlach uile-Aontais, tairseacha toghcháin, comhionannas inscne agus an lá toghcháin aonair.

[1] 9333/22.

3. Phléigh an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an t-ábhar sin faoi dhó, an 18 Deireadh Fómhair 2022 agus an 27 Meitheamh 2023. An dara huair, chuir Uachtaránacht na Sualainne torthaí suirbhé[2] i láthair lenar dearbhaíodh na héagsúlachtaí móra idir na toscaireachtaí maidir le raon leathan gnéithe. Chuir Uachtaránacht na Spáinne (uachtaránacht inteachta ag an am) in iúl ansin go raibh sé ar intinn aici tuilleadh oibre a dhéanamh ar an togra, bunaithe ar an suirbhé.

4. Mar a cuireadh in iúl ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 8 Samhain, beidh díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 15 Samhain 2023 bunaithe ar pháipéar plé na hUachtaránachta agus ar na ceisteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn.

---

[2] 10278/2/23 REV 2.

**IARSCRÍBHINN**

**‘An Dlí Toghcháin Eorpach’**

**– Páipéar plé ón Uachtaránacht maidir leis an díospóireacht bheartais –**

D’fhógair Uachtaránacht na Spáinne ag tús a seimeastair go leanfadh sí den obair ar an Dlí Toghcháin Eorpach. Gheall sí, ar thaobh amháin, go n-iarrfadh sí ar na Ballstáit díospóireacht bheartais a thionól sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (CGG) maidir leis na saincheisteanna polaitíochta is tábhachtaí, mar shampla an toghlach Eorpach agus liostaí trasnáisiúnta. Ar an taobh eile, gheall sí díospóireacht theicniúil a thionól trí na hAirteagail ar a raibh an comhdhearcadh is mó i measc na mBallstát a ghrúpáil ina gcnuasaigh, i bhfianaise na dtorthaí ó shuirbhé Uachtaránacht na Sualainne.

Ag eascairt as an gcéad ghealltanas sin, agus i bhfianaise a thábhachtaí atá an sainchomhad seo do Pharlaimint na hEorpa, chomh maith leis an nasc atá aige leis an díospóireacht níos leithne ar thodhchaí na hEorpa i bhfianaise na gconclúidí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, measann Uachtaránacht na Spáinne gurb iomchuí an díospóireacht pholaitiúil sin a thionól ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 15 Samhain 2023. Is é is cuspóir don díospóireacht seo treoir a thabhairt faoin obair atá le déanamh ar an togra seo amach anseo, go háirithe i ndáil leis na tograí maidir leis an toghlach Eorpach agus maidir le liostaí trasnáisiúnta.

Tugadh aghaidh ar na saincheisteanna sin, ar bhonn tosaigh, faoi Uachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo. Chuir líon mór Ballstát in iúl nach bhféadfaidís tacú le liostaí trasnáisiúnta, agus mheas grúpa eile gur ríthábhachtach don Chomhairle déileáil go mion leis na tograí sin. Go háirithe, tionóladh an chéad díospóireacht pholaitiúil faoin Dlí Toghcháin Eorpach atá beartaithe, an t-aon díospóireacht pholaitiúil amháin a bhí ann, faoi Uachtaránacht na Seicia ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 18 Deireadh Fómhair 2022. Chuir na Ballstáit a seasaimh thosaigh maidir leis na saincheisteanna sin in iúl. Faoi chuimsiú shuirbhé Uachtaránacht na Sualainne ar Airteagail atá sa Dlí Toghcháin Eorpach atá beartaithe, mheas idir 13 agus 15 Bhallstát go raibh gach mír d’Airteagal 15 – a bhaineann leis an toghlach aonair – ‘do-ghlactha’, mar gheall, i measc nithe eile, ar mhórfhadhbanna dlíthiúla agus institiúideacha ar an leibhéal náisiúnta.

Measann Uachtaránacht na Spáinne gur cuspóir réasúnta seanbhunaithe é córais toghcháin na mBallstát a chomhchuibhiú sna toghcháin Eorpacha, agus tá aird aici ag an am céanna ar an ngá atá le prionsabail toghcháin na mBallstát éagsúil a chaomhnú, ar prionsabail iad a mbíonn baint acu go minic lena gcreat reachtach faoi seach. Molann Parlaimint na hEorpa toghlach de chuid an Aontais Eorpaigh a chruthú (Airteagal 15), a mbeadh na saintréithe seo a leanas ann: 28 suíochán (sna chéad toghcháin ar a laghad), a dtoghfadh saoránaigh Eorpacha a sealbhóirí trí vóta difriúil lena vóta do na liostaí náisiúnta (Airteagal 12.1). Agus a vóta á chaitheamh acu ar thoghlach uile-Aontais, roghnódh na saoránaigh idir sraith liostaí trasnáisiúnta arna gcruthú ag na heintitis toghcháin Eorpacha éagsúla (páirtithe, comhghuaillíochtaí, grúpálacha, etc.; Airteagal 2) atá ag seasamh i dtoghchán.

Liostaí iata a bheadh sna liostaí trasnáisiúnta, ina mbeadh 28 n-iarrthóir, agus bheadh lógó na n-eintiteas toghcháin Eorpach ar an bpáipéar ballóide. Ar na liostaí, bheadh trí roinn de thrí shuíochán agus líonfaí gach roinn le hiarrthóirí a thagann ó na trí ghrúpa de Bhallstáit a chruthaítear de réir na méide déimeagrafaí. Ar deireadh, dhéanfaí na suíocháin a dháileadh trí mhodh D'Hondt.

Tá sé ar intinn ag Uachtaránacht na Spáinne leanúint den obair theicniúil ar bhonn na dtorthaí ó shuirbhé Uachtaránacht na Sualainne. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí tús a chur leis an obair ar na hAirteagail a bhaineann le vótáil dhúbailte a thoirmeasc (Airteagal 4.2 agus 4.3) agus le hinrochtaineacht na vótála (Airteagal 7). Dá mbeadh comhdhearcadh ann, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar phlé a dhéanamh ar chnuasaigh eile Airteagal a bhaineann le hinscne, leis an bhfeachtas toghcháin, nó le forógra na dtorthaí. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndíreofar an plé teicniúil ar fhoclaíocht na nAirteagal, ach ar na gnéithe substainteacha atá inghlactha ionas go ndéanfar dul chun cinn sa phlé maidir leis an téacs.

**Ceisteanna don díospóireacht sa Chomhairle**

- *An measann na Ballstáit go bhfuil sé indéanta dul chun cinn a dhéanamh sa phlé ar na saincheisteanna polaitiúla a bhaineann leis an Dlí Toghcháin?*

- *An aontaíonn na Ballstáit leis an mbunsmaoineamh maidir le liostaí trasnáisiúnta agus an toghlach Eorpach? An de chineál teicniúil iad na fadhbanna den chuid is mó?*